# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

February 2021 | GA




## An Creat Airgeadais Ilbhliantúil: an taobh dearfach agus an taobh diúltach de

Ní thacaíonn do bhrabhsálaí leis an gcomhad fuaime.

Sa chéad chlár den dara séasúr den phodchraoladh “The Grassroots View/Dearcadh na Cosmhuintire”, beidh plé ann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) Eorpach nua. Insíonn ár gceathrar aíonna dúinn cad iad na láidreachtaí, na laigí agus na bearnaí sa chomhaontú sin a rabhthas ag súil leis le fada

Míníonn Feisire de Pharlaimint na hEorpa, agus comhrapóirtéir ar an CAI do Pharlaimint na hEorpa, **Jan Olbrycht**, cén fáth a raibh an chaibidlíocht chomh cáiréiseach sin agus cuireann sé béim freisin ar thábhacht an chláir nua EU4Health. Feictear do **Stefano Palmieri**, Cathaoirleach Rannóg ECO i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, go bhfuil féidearthachtaí ann córais eacnamaíocha agus shóisialta na hEorpa a nuachóiriú. Leagann sé amach fís na sochaí sibhialta i gcomhar le beirt chainteoirí eile: **Gabriella Civico**, ball de Choiste Stiúrtha an ghrúpa Sochaí Shibhialta na hEorpa), agus Zsuszanna Szabó, iriseoir agus ball den Fhondúireacht Res Publica. Tá imní den chineál céanna orthu faoi acmhainní dílse an Aontais agus faoi laige an tsásra nua coinníollachta um an Smacht Reachta.

Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT
NL PL PT FI RO SK SL SV

# EDITORIAL



## Is díol sásaimh do CESE misneach agus dlúthpháirtíocht shochaí shibhialta na hEorpa

**Is díol sásaimh do CESE misneach agus dlúthpháirtíocht shochaí shibhialta na hEorpa**

**A léitheoirí dile,**

**An 15 Feabhra thionóil CESE an searmanas bronnta do bhuaiteoirí Dhuais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta, duais a seoladh i mí Iúil 2020 tráth a bhí an Eoraip ag teacht chuici féin tar éis na chéad ráige de phaindéim COVID-19. Tharla sé go gearr tar éis dheireadh na céad dianghlasála, ar lena linn a bhíomar gaibhnithe sa bhaile ag breathnú ar thuairiscí na meán agus na híomhánna coscracha d'ospidéil ar fud na hEorpa agus ag bualadh ár mbos gach tráthnóna do na hoibrithe sláinte.**

Níorbh fhada gur thosaigh moll mór tuairiscí ag teacht isteach faoi na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhí á ndéanamh ar fud an Aontais, rud a léirigh go raibh cuid mhór daoine ann nach raibh ag fanacht go díomhaoin ach a raibh fonn orthu cuidiú a thabhairt do na daoine is leochailí inár measc nó dóibh siúd is mó atá thíos leis an ngéarchéim, nó cibé cuidiú eile is gá a thabhairt.

I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí a bhí ar siúl acu bhí maisc agus gúnaí leighis a dhéanamh agus a dháileadh, ospidéil éigeandála a dhéanamh d'óstáin, bia a sholáthar do dhaoine scothaosta nó do dhaoine leochaileacha, tacaíocht dhigiteach a chur ar fáil don scolaíocht bhaile, nó tionscadail ealaíne nó siamsaíochta a reáchtáil d'fhonn an saol a dhéanamh níos taitneamhaí do dhaoine le linn na paindéime.

Bhí an tsochaí shibhialta, trí na heagraíochtaí agus na daoine lena mbaineann, ar thús cadhnaíochta sna gníomhaíochtaí sin. Murach an cuidiú a chuir siad ar fáil ar an leibhéal áitiúil, is measa a bheadh éifeachtaí na paindéime seo.

D'fhonn aitheantas a thabhairt don rannpháirtíocht dhíograiseach sin agus don obair atá á déanamh ar leibhéal an phobail, chinneamar deireadh a chur ar bhonn sealadach le Duais na Sochaí Sibhialta in 2020, ar duais aitheanta de chuid CESE í a bhronntar gach bliain ó bhí 2006 ann ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar dhaoine aonair a bhfuil tionscadail den scoth acu a dhéanann ceiliúradh ar an bhféiniúlacht Eorpach agus ar luachanna coiteanna i réimse áirithe oibre.

Ina hionad, reáchtáladh Duais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta faoin téama "An tSochaí Shibhialta i gcoinne COVID-19", ar duais uathúil aon uaire í atá dírithe go sonrach ar an gcomhrac i gcoinne an choróinvíris agus na n-éifeachtaí tromchúiseacha a gabhann leis.

De ghnáth, bíonn cúigear buaiteoirí againn, ach i mbliana, theastaigh uainn duais a bhronnadh ar suas le 29 dtionscadal a rinne daoine aonair, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cuideachtaí. Níor glacadh ach le tionscadail a bhí neamhbhrabúsach ina n-iomláine agus nach bhfuair níos mó ná 50 % dá mhaoiniú ó chistí poiblí. Theastaigh uainn buaiteoir amháin a aimsiú i ngach Ballstát agus sa Ríocht Aontaithe, d'fhonn a léiriú gur mian le CESE dlúthcheangal a choinneáil leis an tsochaí shibhialta sa Ríocht Aontaithe d'ainneoin go raibh an tír ag fágáil an Aontais, agus buaiteoir amháin eile a thaispeáin fócas trasteorann nó Eorpach.

Tháinig deireadh leis an gcomórtas an 30 Meán Fómhair agus faoin am sin bhí suas le 250 iarratas faighte againn as gach cearn den Eoraip. Léirigh na hiarrthóirí uile rannpháirtíocht neamhleithleach na saoránach agus na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil. Bhí an dlúthpháirtíocht ina gné lárnach de na tionscadail ar fad, ach grúpáladh iad faoi chúig phríomhthéama: soláthar bia agus cúnamh do ghrúpaí leochaileacha, trealamh leighis, seirbhísí comhairleacha, seirbhísí oideachais agus faisnéis faoin bpaindéim, agus an cultúr.

Tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar na tionscadail go léir, roghnaíodh 23 bhuaiteoir ó na cúig théama agus, dar le CESE, is iadsan is fearr a léiríonn an méid atá á dhéanamh ag an tsochaí shibhialta ar fud na hEorpa chun cuidiú le pobail teacht slán as an bpaindéim. Bronnadh duais ar fiú EUR 10 000 í ar gach buaiteoir agus tá súil againn go gcuideoidh an dreasacht airgeadais sin leo chun dul chun cinn breise a dhéanamh agus go gcuirfidh an duais le hinfheictheacht a gcuid tionscadal.

Tá sé mar aidhm againn freisin feasacht a ardú faoina thábhachtaí atá na tionscadail sin agus faoin iliomad tionscadail shuntasacha chruthaitheacha eile ó na saoránaigh atá ar siúl ar fud an Aontais. Is cruthúnas iad uile go bhfuil an dlúthpháirtíocht barrthábhachtach chun aon ghéarchéim a shárú. Trína gcuid oibre, tá todhchaí níos fearr á tógáil don Eoraip, agus táthar dóchasach go dtiocfaidh sí as an ngéarchéim seo agus í níos láidre agus níos aontaithe.

Dá bhrí sin, le linn an chiansearmanais bronnta a bhí ar siúl an 15 Feabhra, níorbh iad na 23 bhuaiteoir amháin, a bhí á moladh againn. Thugamar aitheantas don tsochaí shibhialta ina hiomláine san Eoraip agus don oiread sin eagraíochtaí, gnólachtaí agus daoine aonair a léirigh agus a léiríonn dlúthpháirtíocht, misneach agus freagracht sa tsochaí sa tréimhse achrannach seo.

**Cillian Lohan**

**Leas-Uachtarán um an gCumarsáid**

# DIARY DATES

**1 - 5 Márta 2021, an Bhruiséil**
**Laethanta na Sochaí Sibhialta 2021**

**18 - 19 Márta 2021, an Bhruiséil**
**Leatsa an Eoraip, Abair leat! 2021**

**24 - 25 Márta 2021, an Bhruiséil**
**Seisiún iomlánach CESE**

# “CEIST AMHÁIN DO...”




## Ceist amháin do...

**Inár roinn “Ceist amháin do...” iarraimid ar chomhaltaí CESE a bhfreagra a thabhairt ar cheist atá go mór i mbéal an phobail agus atá, dar linn, an-ábhartha go deo.**

D’iarramar ar **Peter Schmidt**, Cathaoirleach ar an Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol (NAT), a chuid tuairimí maidir le cultúr an bhia agus tomhaltas bia le linn na paindéime a roinnt le léitheoirí CESE Info.

## Tionchar COVID-19 ar an slabhra soláthair bia

**CESE Info: Aimsir na paindéime, tá na bialanna agus na tithe tábhairne dúnta. Cad iad na himpleachtaí atá aige sin do tháirgeoirí bia, do na soláthróirí, do na húinéirí bialainne, do chultúr agus tomhaltas an bhia? Cad é an bealach is fearr chun daoine a thabhairt ar ais ag obair?**

**Peter Schmidt, Cathaoirleach ar Rannóg NAT:** Bíonn brú ar tháirgeoirí bia, ar thionscal próiseála an bhia agus ar na miondíoltóirí bia fiú agus gnáthchúinsí ann. Tá coinne ag gach uile dhuine le soláthar bia leordhóthanach, ar an gcaighdeán is airde, a bheith ann ó dhubh go dubh.

Dea-scéala i measc na ndrochscéalta ón bpaindéim is ea é go bhfeidhmíonn soláthar bia na hEorpa go maith, fiú i dtráth géarchéime. D’fhéadfaí a rá gurb é an slabhra soláthair bia an slabhra soláthair is fearr a bhfuil ag éirí leis le linn na paindéime reatha. Níor tharla sé go raibh na seilfeanna sna hollmhargaí Eorpacha folamh uair ar bith.

Mar sin féin, trí bhíthin na paindéime, scaipeadh solas ar roinnt laigí ar ar tugadh neamhaird roimhe seo. Ba mhaith liom díriú ar thrí cinn de na laigí sin go gonta.

Tháinig fadhb amháin chun cinn go luath maidir le fostaíocht na n-oibrithe fómhair san fheirmeoireacht, agus baineann fadhb eile le struchtúr thionscal na feola.

Sa dá chás, braitheann an táirgeadh ar dhúshaothrú lucht oibre (obair, ar phá íseal, daoine ó thíortha in oirthear na hEorpa agus obair inimirceach nó náisiúnach tríú tír is mó atá i gceist leis sin), agus baintear mí-úsáid as saorghluaiseacht na n-oibrithe san Eoraip agus bíonn brú ollmhór ar phraghsanna táirgí talmhaíochta agus táirgí bia.

Chuir na srianta taistil agus na horduithe dianghlasála isteach ar na slabhraí soláthair sin. Ag an am céanna, nochtadh na dálaí uafásacha faoina bhfuil na daoine sin ag maireachtáil agus a bhfuil siad ag obair fúthu. D’eascair slabhraí ionfhabhtaithe agus ráigeanna den ghalar as na dálaí sin freisin. I gcás thionscal na feola, spreagadh rialtas na Gearmáine chun rialacháin a ghlacadh d’fhonn oibrithe a chosaint.

Is iad earnáil na n-óstán agus earnáil na mbialann, mar aon le tionscal iomlán na turasóireachta ar fud an domhain, an tríú réimse den slabhra soláthair bia atá i mbaol ollmhór.

Sa chuid is mó de na tíortha, tá gnólachtaí fáilteachais dúnta mar gheall ar thoirmisc, cuirfiúnna, srianta taistil agus orduithe dianghlasála ar fud na hearnála. Tá sé ag dul crua ar na mílte cuideachtaí teacht slán as an ngéarchéim, nó tá siad i mbaol a ndoirse a dhúnadh go deo.

Is sna milliúin iad na hoibrithe atá ar scor, ar chláir choinneála nó tar éis a bpoist a chailleadh. Tá athstruchtúrú ar bun ag go leor cuideachtaí óstán agus iad tar éis go leor oibrithe a scaoileadh chun bealaigh. Ní fios cad a tharlóidh amach seo maidir le todhchaí na hearnála agus is dócha gur próiseas fada deacair a bheidh sa téarnamh.

Ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh a luaithe is féidir:

- glacadh agus cur chun feidhme phlean téarnaimh an Aontais a chinntiú: ní féidir le gnólachtaí ná le hoibrithe fanacht a thuilleadh;
- an fáilteachas agus an turasóireacht a chur i gcroílár na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta d’fhonn a oiread post agus is féidir a shábháil, tacaíocht airgeadais a thabhairt don earnáil agus féachant le taisteal a théarnamh agus a éascú go pras, ach ar bhealach atá sábháilte agus comhordaithe chomh maith;
- síneadh ama a chur leis na bearta éigeandála, ar nós scéimeanna oibre gearr-ama, go dtí mí Mheán Fómhair 2021 ar a laghad, liúntais chothroma do gach cineál oibrí a chinntiú, lena n-áirítear na hoibrithe séasúracha agus sealadacha;
- íocaíochtaí liúntais ghearr-ama a mhéadú go dtí 100 %;
- cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na reachtaíochta Eorpaí is infheidhme maidir le cearta oibrithe trasteorann agus séasúracha, go háirithe an ceart ar phá comhionann d’obair chomhionann san áit chéanna, lena n-áirítear trí chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha náisiúnta agus trasteorann ar shaothar;
- múnla nua turasóireachta inbhuanaithe a shaothrú tríd an gComhaontú Glas don Eoraip agus tríd an straitéis ‘Feirm go Forc’.

Níor cheart tacaíocht airgeadais, amhail státchabhair, iasachtaí nó díolúintí ó cháin a dheonú ach amháin do na gnólachtaí:

- a dhéanann fostaíocht a choimirciú/a chruthaíonn poist chuibhiúla agus a sheasann le cearta an oibrí agus le comhaontuithe cómhargála;
- nach bhfuil cláraithe i dtearmainn chánach agus a dhéanann a gcion chothrom de chánacha agus de ranníocaíochtaí sóisialta a íoc i gcónaí;
- atá sásta íocaíochtaí díbhinne, aischeannach scaireanna agus scair-roghanna a chur ar fionraí le linn na géarchéime.

# TUGAIGÍ BUILLE FAOI THUAIRIM CÉN T-AOI ATÁ AGAINN...




## An t-aoi gan choinne

Beidh aoi speisialta á chur i láthair againn gach mí – duine atá i mbéal an phobail a roinnfidh a thuairimí nó a tuairimí faoi chúrsaí reatha linn, a thabharfaidh dearcadh úrnua dúinn, a spreagfaidh sinn agus a dhíreoidh ár n-aird ar shaol an lae inniu. In eagrán na míosa seo, is cúis áthais dúinn bheirt phearsa ó réimsí éagsúla den saol – an cultúr agus na meáin – a chur i láthair óir cuideoidh siad linn tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil ag titim amach timpeall orainn agus cuirfidh siad an ola ar ár gcroí. **Hélène Theunissen**, duine mór-le-rá i saol amharclannaíochta agus scannánaíochta na Beilge, agus **Nicolas Gros-Verheyde**, saineolaí ar pholaitíocht na hEorpa agus breathnadóir uirthi.

Le breis agus tríocha bliain anuas, tá páirt glactha ag **Hélène Theunissen**, aisteoir, stiúrthóir agus athchóiritheoir, i mbeagnach céad dráma a léiríodh i bhformhór na n-amharclann Fraincise sa Bheilg. Ina theannta sin, ghlac sí páirt i roinnt drámaí sa Fhrainc. Tá dosaen saothar curtha ar stáitse agus athchóirithe aici, ina measc na cinn seo a léiríodh le déanaí: “Le Songe d’une nuit d’été” le William Shakespeare a cuireadh ar stáitse in Théâtre des Martyrs, agus “Les Murs murmurent”, monalóg de chuid Babetida Sadjo, agus arna cur i láthair ag an údar, ag Théâtre Le Public sa Bhruiséil. Tá páirt glactha ag Hélène Theunissen i roinnt scannán lánfhada, ar a n-áirítear “Girl” le Lukas Dhont, agus bhí páirt aici freisin sa tsraith “Unité 42” de chuid RTBF sa Bheilg.

Is iriseoir Francach agus comhfhreagraí AE/ECAT é **Nicolas Gros-Verheyde**. Tá dea-theist agus meas air i measc lucht polaitíochta na hEorpa de thoradh an eolais mhóir atá aige ar ghnóthaí na hEorpa agus ar an mbeartas eachtrach Is comhfhreagraí do “Sud-Ouest” é (agus roimhe sin do “Ouest France” agus do “France-Soir”) agus in 2008, bhunaigh sé ardán ar líne “B2-Bruxelles2”, an chéad suíomh gréasáin Fraincise a bhí dírithe ar ghnóthaí Eorpacha, ar shaincheisteanna straitéiseacha agus cosanta AE agus ar obair na taidhleoireachta Eorpaí. Ar a mhuin sin, is é údar an lámhleabhair “La politique européenne de sécurité et de défense commune. Parce que l'Europe vaut bien une défense” (Comhbheartas slándála agus cosanta na hEorpa. Toisc gur fiú an Eoraip a chosaint) é. (ehp)



# Hélène Theunissen: “Ealaíontóirí nach bhfuil i riocht saothair a chruthú, fágtar in ísle brí iad”

**Is cuid de dhamáiste comhthaobhach na paindéime seo na healaíontóirí. Tá na hamharclanna dúnta, fiú má athosclaíodh cuid díobh go sealadach ar feadh tamall gairid idir an dá linn. Is iomaí aisteoir, stiúrthóir, ceoltóir, damhsóir agus teicneoir in earnáil na siamsaíochta atá gan obair sa saol neamhghnách seo. Is é an toradh is mó atá air sin ná an eagla a bhraitheann siad faoin todhchaí agus an frustrachas nach beag atá orthu. Ealaíontóirí nach bhfuil i riocht saothair a chruthú, mothaíonn siad folamh, gan mhaith.**

Cé gurb iomaí duine a shíleann gur féidir earraíocht a bhaint as an tréimhse seo chun roinnt léitheoireachta nó scríbhneoireachta a dhéanamh, chun filleadh ar thionscadail reatha nó cromadh ar thionscadail nua - is í fírinne an scéil í nach féidir tarraingt ar an inspioráid pé uair is áil leat. Nuair a bhíonn éiginnteacht ann agus imní ar go leor ealaíontóirí, is lú an seans go dtiocfaidh inspioráid chucu. Is deacair leas a bhaint as an tréimhse “éigeantach” seo, a brúdh orainn, toisc go bhfuil an gnátham ann as, rud nach mian linn ná nár iarramar, ar ndóigh. Tá na healaíontóirí in ísle brí go mór dá dheasca sin. Agus de réir mar a théann an scéal chun fadála, is ea is mó an lionn dubh a bhíonn orthu. Is é seo an tríú huair, laistigh de bhliain, ar dúnadh na hamharclanna agus ar cuireadh léirithe ar ceal.

Ná dearmadaimis na hiarmhairtí airgeadais! Is fíor gur cuidiú áirithe iad na liúntais dífhostaíochta atá ar fáil ach cuirtear go leor ama amú ag iarraidh na bearta riaracháin fada casta a ghabhann leo a chur i gcrích. Ní de dhroim oíche a bhaineann t-airgead an cuntas bainc amach, ní bhaineann ná é, agus ní chlúdaíonn an liúntas dífhostaíochta ach cuid den tuarastal. Is ag maireachtáil ón lámh go dtí an béal a bhíonn go leor ealaíontóirí dá réir.

Maidir le hathsceidealú, tá na seacht sraith ar an iomaire ag na stiúrthóirí amharclainne agus ní foláir dóibh roghanna deacra a dhéanamh ina theannta sin, cuir i gcás, seónna a cuireadh siar cheana de thoradh na géarchéime sláinte a chur siar arís eile. Is iad na tionscadail nua is deireanaí a chuirtear san áireamh. Tá “scrogall” ceart sna hamharclanna, sna hárais cheoldrámaíochta, sna pictiúrlanna agus in earnáil na n-imeachtaí i gcoitinne. Ní mór an fhéachaint suas atá acu agus is ábhar mór imní é sin dóibh.

Agus an éiginnteacht seo ann, tá sé geall le bheith dodhéanta slí a aimsiú chun bheith eagraithe.

Ní hamháin gur tarcaisneach an ní é daoine a chloisteáil ar na meáin ag caitheamh linn mar a bheadh gné “neamhriachtanach” den tsochaí ann, ach cothaíonn sé amhras i measc an uile dhuine againn a bhíonn ag obair i réimse an chultúir. Tá mo shaol ar fad curtha isteach agam ag plé leis an gceird seo: is ábhar mór bróin agus lagmhisnigh dom an stát a chloisteáil á rá gur post “neamhriachtanach” atá á chleachtadh agam. Tá na healaíontóirí i gcruachás, mar sin, ó thaobh airgid de agus ó thaobh misnigh.

**Tábhacht a bheith linn athuair**

Ní bhíonn néal gan ghealán. Chonacthas go leor dlúthpháirtíochta idir na healaíontóirí. Ar a mhuin sin, tá na teicneolaíochtaí nua úsáideach do roinnt ealaíontóirí, óir chuir siad ar a gcumas dóibh bealaí nua a aimsiú

chun a gcuid ealaíne a chur in iúl. B’éigean dóibh slite nua a cheapadh chun teacht slán. Ní bhuafaidh aon ní, ámh, ar thábhacht an aisteora féin beo ar stáitse os comhair slua. Is éard is iontaí ar fad faoi léiriú nó seó beo ná an caidreamh uathúil, thar an ngnách sin idir an t-ealaíontóir agus an pobal, agus iad i láthair a chéile. Is gá don ealaíontóir agus don phobal a bheith ar aon láthair le chéile ionas gur féidir an nóiméad grástúil ealaíne sin a chruthú.

Mothaíonn an pobal an cultúr uathu agus is rud dearfach é sin. Nuair a osclófar na lárionaid chultúir arís, sílim go ndéanfar an pobal a mhúscailt ar bhealach nua, mar tuigfidh siad a thábhachtaí atá an cultúr dóibh agus a riachtanaí atá na healaíontóirí don tsaoirse agus don fhorbairt chomhchoiteann. Tá súil agam go mbeidh fonn ar dhaoine taitneamh a bhaint as an gcultúr níos mó ná riamh.

Sa réimse oibre seo, tá an ghéarchéim casta is cuma cén aois thú. Ach is é an t-aos óg is mó atá caillteach léi. I láthair na huaire, san Ardscoil Drámaíochta, oibrím le mo mhic léinn - ar ábhair aisteoirí iad - gan fiú a n-aghaidh a fheiceáil. Tá siad in umar na haimiléise agus frustrachas nach beag orthu. Iad siúd a bhfuil a gcéim díreach bainte amach acu, ní féidir aon fhéachaint suas ceart a bheith i ndán dóibh faoi láthair. Níl rochtain acu ar líonraí gairmiúla faoi mar a bhíodh. Teastóidh tacaíocht mhór uathu nuair a bheidh deireadh leis an ngéarchéim seo.

Ach buaileadh gach glúin den cheird go mór de dheasca an earnáil a bheith ina stad. Dá mhéad ár dtaithí ar an gceird is ea is mó an fonn a bhíonn orainn filleadh ar an stáitse. An ghlúin ealaíontóirí is sine dínn, is eagal leo nach mbeidh aon ghnó ann dóibh ina dhiaidh seo. Dar leo gur creill bháis dá ngairm an tréimhse easpach seo.

Cuirimid chun comhraic de réir an leibhéil fuinnimh phearsanta atá againn. Cuid de na healaíontóirí, tá siad ar an dé deiridh agus gan aon inspioráid fágtha acu. Tá dhá oiread fuinnimh ag roinnt eile díobh agus iad ar a ndícheall ag iarraidh a mbeatha a thabhairt i dtír ar dhóigh nó ar dhóigh eile. Baineann siad leas as na meáin shóisialta agus as teicneolaíochtaí nua, mar shampla. Agus ansin tá siad ann, ar mo chuma féin, a bhíonn lán d’fhuinneamh lá amháin agus gan bhrí an lá dár gcionn.

**Hélène Theunissen**



# Nicolas Gros-Verheyde: tá baol ann go bhféadfadh Eoraip neamhdhaonlathach teacht chun cinn de dheasca COVID-19

**D'fhéadfadh an smacht reachta a bheith ina íospartach comhthaobhach i ngeall ar na bearta atá glactha ag roinnt tíortha san Eoraip ar mhaithe le sláinte an phobail.**

Bíodh is gur tháinig COVID-19 gan mhothú orainn ar fad i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2020, lenar éilíodh bearta éigeandála seiftithe a ghlacadh chun dul i ngleic leis, ní hamhlaidh an scéal sa lá atá inniu ann. D'fhéadfadh údar cuí a bheith leis na dianbhearta a glacadh chun srian a chur leis an ngéarchéim sláinte seo. Mar sin féin, ní mór dóibh a bheith níos réamhghníomhaí agus, thar aon ní eile, ní mór iad a rialú ar dhóigh níos daonlathaí. Níorbh amhlaidh an cás go nuige seo.

Formhór an ama, glacann rialtais bearta ar ala na huaire tar éis comhairlí slándála nó coistí comhairliúcháin, nach fios go fóill a gcomhaltas, gan dul i gcomhairle go cuí (ó thaobh faisnéis a chur ar fáil roimh ré agus tréimhse mhachnaimh a bheith ann) leis na comhpháirtithe éagsúla (idir chomhpháirtithe sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla) agus gan aon chinneadh ó pharlaimintí náisiúnta.

Dá dheasca sin, is léir go bhfuil bunphrionsabail áirithe – ón gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) nó ón gCairt um Chearta Bunúsacha – á gcur i leataobh ar feadh tréimhse neamhchinntithe. Tá na cearta chun saoirse comhthionóil agus comhlachais (Airteagal 11 ECHR) á sárú agus á dteorannú ar dhóigh shuntasach. Tá cosc ar an gceart chun tuairimí a nochtadh trí mhodhanna léiriúcháin amhail an scannánaíocht agus an amharclannaíocht. Tá srian suntasach ar an tsaorghluaiseacht: cuirfiú 6 p.m. (sa Fhrainc), údaruithe ag teastáil chun an tír a fhágáil (an Bheilg), etc. Tá srianta géara ar an tsaoirse chun creideamh a chleachtadh (Airteagal 9 ECHR), ar an gceart chun oideachais agus ar an gceart chun obair a dhéanamh (Airteagal 14 agus Airteagal 15 den Chairt), gan trácht ar an gceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 8 ECHR).

A luaithe a ghlactar na cinntí sin, cuirtear i bhfeidhm iad ar dhóigh thrialach agus cuid mhaith mhór fágtha faoin gcinniúint. Céard is *cúis phráinneach* ann chun dul thar teorainn agus céard nach ea? Céard is *cúis riachtanach* ann agus céard nach ea? Is iad na húdaráis phóilíneachta nó fostaithe aerlínte, fiú, atá freagrach as an méid sin a rialú. Is ábhar an-chigilteach é sin.

Is ar éigean a théitear i gcomhairle leis na húdaráis Eorpacha. Mar shampla, níor chuir Páras an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi na rialuithe teorann éagsúla a tugadh isteach sa Fhrainc an athuair, faoi mar a shonraítear i gCód Schengen. Ar an gcaoi chéanna, is beag a bhí le rá ag an bhfeidhmeannas Eorpach i dtaca le bearta na Beilge, ar bearta iad atá thar a bheith leithchealach i leith fhostóirí na hEorpa.

Is cosúil go bhfuil na parlaimintí náisiúnta, cosúil le Parlaimint na hEorpa, i ngreim ag an eagla roimh an ngéarchéim. Tá imní ar gach duine go mbreathnófaí orthu, agus iad ag éileamh go gcomhlíonfaí na rialacha, mar lucht imris ag cur in éadan na cúise náisiúnta seo aimsir chogaidh, mar atá, an comhrac i gcoinne na heipidéime. Mar sin féin, in ainneoin na ndeacrachtaí atá romhainn, nílimid i mbun cogaidh. Thairis sin, níor bhain na rialtais úsáid as an bhforáil sin riamh laistigh den chóras bunreachtúil atá i bhfeidhm acu faoi láthair, agus is foráil í atá dea-rialáilte.

Níor agair ach tíortha áirithe an clásal éalaithe den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, dá ngairtear freisin Airteagal 15. Ní dhearna daonlathais sheanbhunaithe na hEorpa amhlaidh ar chúiseanna

siombalacha. Dar le Frédéric Sudre, ollamh emeritus in Ollscoil Montpellier agus duine de na saineolaithe is fearr ar ECHR, is ionann é sin agus fíorchoraintín.

I láthair na huaire tá an pobal ag cur suas leis na sáruithe ar an daonlathas agus na hionsaithe ar an smacht reachta. D’ainneoin a dhofheicthe atá siad, baineann éifeachtaí díobhálacha leo. D’fhéadfaidís a bheith ina gcúis le rachtanna feirge dothuartha agus tallannacha. Sa bhreis air sin, d’fhéadfaí go mbeadh aistriú ann sna chéad toghcháin eile chuig pobalachas níos radacaí dá mbarr. Thar aon ní eile, d’fhéadfaidís argóintí láidre a thabhairt do na daoine sin a chuireann i gcoinne aontacht na hEorpa, lasmuigh agus laistigh den mhór-roinn araon. Níorbh aon chomhtharlú é iompar na Rúise i leith cheann chór taidhleoireachta na hEorpa, Josep Borrell, i Moscó an 5 Feabhra. Is mithid dúinn breith ar ár gciall.

**Nicolas Gros-Verheyde**

**Príomheagarthóir B2 – bruxelles2.eu**

# EESC NEWS



## Déanaimis beart de réir briathair agus bainimis brí nua as an bhfocal “pobal”

**An 27 Eanáir, chuir António Costa, Príomh-Aire na Portaingéile, tosaíochtaí Uachtaránacht a thíre ar an Aontas Eorpach i láthair ag seisiún iomlánach CESE. Tá an clár sóisialta curtha ag an bPortaingéil go barr chlár oibre Uachtaránacht na Portaingéile agus d’iarr sí ar CESE a shaineolas a roinnt ar sheacht bpríomhábhar a bhaineann le todhchaí an Aontais Eorpaigh.**

Faoin mana **“Déanaimis beart de réir briathair: téarnamh cothrom, glas agus digiteach”**, tá trí ardtosaíocht sainaitheanta ag an Uachtaránacht: an téarnamh a chur chun cinn trí leas a bhaint as an aistriú aeráide agus as an aistriú digiteach; Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme; agus neamhspleáchas na hEorpa a neartú ach í a choimeád oscailte don domhan mór san am céanna.

“Tá na tosaíochtaí sin ag teacht leis na tosaíochtaí atá againn inár gCoiste: tá Aontas á mholadh againn a bheadh faoi bhláth go heacnamaíoch, cuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de,” a dúirt **Christa Schweng**, Uachtarán CESE.

“Is léir ón gcomhrac in aghaidh phaindéim COVID-19 gur fiúntach an acmhainn atá againn san Aontas Eorpach. Ar lámh amháin, tá an próiseas vacsaínithe faoi lán seoil, agus, ar an lámh eile, ceadaíodh an creat

airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus an clár “Next Generation EU”, tionscadail atá tar éis misneach a athmhúscailt ionainn uilig, agus brí nua a bhaint as an bhfocal ‘pobal’,” a dúirt **an Príomh-Aire Costa** go diongbháilte.

Is é an **Cruinniú Mullaigh Sóisialta** a bheidh mar phríomhócáid ag Uachtaránacht na Portaingéile, cruinniú atá beartaithe don 7 Bealtaine in Porto.

Thug an Príomh-Aire an méid seo chun suntais freisin: “Is é príomhchuspóir an chruinnithe seo ugach mór polaitiúil a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach i láthair i mí an Mhárta agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme toisc gurb é sin an vacsaín is fearr sa chomhrac in aghaidh na héagothroime sóisialta, an phobalachais agus na heagla.”

Dúirt sé freisin go raibh Uachtaránacht na Portaingéile ag súil le hobair mhór agus rannpháirtíocht ghníomhach ó CESE leis an bpríomhchuspóir sin a bhaint amach. Tá Uachtaránacht na Portaingéile ag tathant ar CESE a shaineolas a roinnt ar sheacht bpríomhábhar a bhaineann le todhchaí an Aontais Eorpaigh. (mr)

---




## Seasann CESE leis an gCoimisiún Eorpach sa troid ar son théarnamh na hEorpa ó COVID-19

**Tacaíonn Uachtaránacht CESE, agus í dírithe ar Aontas a thógáil a bheidh níos láidre go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de, le hiarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh an Eoraip a chur ar ais ar a seanléim tar éis ghéarchéim COVID-19. Seo an teachtaireacht a thug Christa Schweng, Uachtarán CESE, do Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus Fadbhreathnaitheacht, a bhí i láthair i seisiún iomlánach CESE i mí Eanáir.**

D’athdhearbhaigh an **tUachtarán Schweng** an gealltanas a tugadh in Iúil 2020 maidir le glacadh Ionchur CESE i gClár Oibre 2021 an Choimisiúin Eorpaigh lena thabhairt le fios go bhfuil lántacaíocht CESE ag an gCoimisiún: “Is mian leis an gCoiste cur go mór le téarnamh na hEorpa agus lena hathléimneacht amach anseo d’fhonn a chinntiú go mbeidh an Eoraip faoi bhláth eacnamaíoch, go mbeidh sí cuimsitheach go sóisialta agus go mbeidh sí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de”, a dúirt an tUachtarán. “Is é an dúshlán atá ós ár gcomhar amach dul i ngleic, go héifeachtach, leis an gcruatan eacnamaíoch agus sóisialta a d’eascair as COVID-19.”

Ó thaobh **Uas. Šefčovič** de, dúirt sé gur ceapadh clár oibre 2021 an Choimisiúin d’fhonn cabhrú linn san Aontas aon leochaileacht tar éis na géarchéime a chur dínn agus d’fhonn réitigh a thabhairt a bheidh slán i bhfad na haimsire ar mhaithe le meanman nua a chothú: “Tá dlúthpháirtíocht agus aontacht láidir léirithe ag ár nAontas. Ní hé gur éirigh linn teacht aniar, is é gur éirigh linn dul ar aghaidh agus is mithid dúinne anois, tar éis na ndúshlán uile in 2020, dlús a chur lenár dtéarnamh ó ghéarchéim COVID-19 agus an todhchaí atá

uainn dár nAontas a leagan amach.”

Agus trácht á dhéanamh aige ar na bearta leanúnacha i gcoinne na paindéime, chuir an tUas. Šefčovič i bhfáth go bhfuil an tAontas in ann cur chuige comhordaithe i dtaobh vacsainiú a ghlacadh agus an punann is leithne de vacsaíní ar domhan, arb ionann é agus 2.3 billiún instealladh, a chur le chéile, a bhuí sin le hiarrachtaí agus obair an Choimisiúin chun Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil. (mp)

---



## Ní bheidh glacadh ar bith, beag ná mór, le ciapadh a bhuí le Cód Iompair nua CESE

**Soiléireacht, trédhearcacht airgeadais níos fearr, rialacha dochta maidir le ciapadh agus pionóis níos láidre i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha. An 28 Eanáir 2021, vótáil comhaltaí CESE ar son athruithe móra a dhéanamh ar a gCód Iompair. Is é seo an chéad chloch mhíle in athchóiriú an Choiste, athchóiriú a bhfuil ceannaireacht nua CESE ag tabhairt faoi.**

Tá roinnt feabhsuithe sna rialacha nua chun cosc éifeachtach a chur ar chiapadh agus chun cásanna mí-iompair a láimhseáil go héifeachtach. Cé gurb é an ciapadh a chosc an tosaíocht is mó, beifear in ann réimse pionós a fhorchur ar chomhalta den Choiste i gcás éagóir dheimhnithe.

I mí Dheireadh Fómhair seo caite, ag tús a hUachtaránachta, gheall **Christa Schweng**, Uachtarán CESE, go ndéanfadh sí an Cód Iompair a neartú. “Chomhlíonamar an gealltanas sin. Leis an obair mhór atá déanta ag an bPainéal um na Rialacha Nós Imeachta, táimid tar éis tacaíocht fhorleathan a áirithiú don togra seo. Léiríonn sé sin ár dtiomantas do chaighdeáin arda eitice agus do mhodhanna oibre atá nua-aimseartha agus trédhearcach”, a dúirt **an tUachtarán Schweng**.

I gcás ina líomhnaítear mí-iompar, déanfaidh an Coiste Eitice nua imscrúdú ar an ábhar agus beidh cumhachtaí imscrúdúcháin sainithe go soiléir aige. Beidh comhaltaí agus foireann CESE in ann gearáin a chur faoi bhráid an Choiste Eitice. Má tharlaíonn imscrúdú, déanfar aon sceithirí aitheanta a chosaint agus comhoibreoidh an Coiste go dlúth leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Ag brath ar thoradh imscrúdaithe agus ar thromchúis an mhí-iompair, d’fhéadfaí pionóis áirithe a ghearradh ar chomhaltaí, mar shampla:


- comhalta a chur as ceann amháin nó níos mó de na hoifigí a shealbhaíonn an comhalta sin sa Choiste
- deisiú aon damáiste arbh é an comhalta ba chúis leis
- caillteanas sealadach na liúntas a fhaigheann an comhalta
- fionraí ar rannpháirt an chomhalta i ngníomhaíochtaí agus i misin uile CESE, nó i gcuid díobh
- toirmeasc ar ionadaíocht a dhéanamh thar ceann CESE ar aon fhóram náisiúnta, idirinstitiúideach nó idirnáisiúnta
- cailliúint ar na cearta chun rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnda nó ar fhaisnéis rúnaicmithe

Sna casanna is tromchúisí, beifear in ann comhalta a ruaigeadh as CESE.

Leis na rialacha nuashonraithe seo, beidh trédhearcacht airgeadais níos fearr ann, go háirithe ó thaobh aisíocaíocht misean agus gníomhaíochtaí leis na comhaltaí de. Gach bliain, beidh sé d’oibleagáid ar na comhaltaí dearbhú airgeadais a chur isteach a chuirfear ar fáil ar láithreán gréasáin CESE. Déanann an doiciméad soiléiriú freisin ar chásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann.

Leanann na hathruithe as iarratais agus moltaí Pharlaimint na hEorpa agus as na moltaí ón Ombudsman Eorpach agus ó OLAF.

---




## An tAontas le súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe

**Den chéad uair ó síníodh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, chuir Michel Barnier, Ceann Thascfhórsa an Choimisiúin Eorpaigh um an gCaidreamh leis an Ríocht Aontaithe, a thuairimí in iúl go poiblí maidir leis an téacs le linn díospóireacht ag seisiún iomlánach mhí Eanáir de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.**

San óráid a thug **an tUasal Barnier**, chur se i bhfios nach rud dearfach a bhí in Brexit: “Is colscaradh é seo, agus níor cheart go mbeadh duine ar bith sásta tar éis colscaradh. Ach táimid sásta leis an gcomhaontú seo atá bainte amach againn leis an Ríocht Aontaithe. Léiríonn sé nach bhfuil tír ar bith sáinnithe san Aontas Eorpach, cé gurb é sin an reitric ó dhéimeagógaigh áirithe ar an eite dheas agus ar an eite chlé. Is féidir le tír ar bith an tAontas a fhágáil, ach iarmhairtí a bheith i gceist leis ó thaobh saofa agus corraíolacha de”.

Ba é ba chúis leis an gComhaontú ná na gnéithe eacnamaíochta agus trádála idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a réiteach don tréimhse tar éis Brexit, agus fios maith acu nár chríochphointe é. “Ní hamháin gur céim thábhachtach í cur chun feidhme cuí an chomhaontaithe seo, ach is cinnte go gcaithfear cur leis amach anseo, maidir le hábhair áirithe nár theastaigh ón Ríocht Aontaithe a chur san áireamh an

uair seo, amhail cosaint nó beartas eachtrach".

Chomh maith leis sin, chuir an tUasal Barnier in iúl go láidir nár cuireadh deireadh le hobair an Choimisiúin: dhéanfadh an Coimisiún monatóireacht ar chur chun feidhme an chomhaontaithe agus choinneodh sé súil ghéar ar aon togra ó thaobh na Breataine a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héagsúlacht rialála.

Ghabh **Christa Schweng**, Uachtarán CESE, buíochas leis an Uasal Barnier as a chuid oibre le linn na caibidlíochta faoi Brexit agus dúirt sí go raibh a "thrédhearcacht agus an t-am a chuir sé isteach chun an tsochaí shibhialta a choinneáil ar an eolas le linn an phróisis caibidlíochta" le moladh. Labhair an tUasal Barnier ag cúig dhíospóireacht iomlánacha CESE.

Mhol **Jack O'Connor**, Cathaoirleach ar Ghrúpa Faireacháin Brexit in CESE, an dóigh inar láimhseáil an tUasal Barnier ceist na hÉireann le linn na caibidlíochta faoi Brexit agus thug sé chun cuimhne an gealltanas a thug CESE agus an Grúpa Faireacháin Brexit "ár ról a ghlacadh chun barr cumais an chomhaontaithe a bhaint amach", go háirithe maidir le sochaí shibhialta na Ríochta Aontaithe. (dgf)

---




## CESE curtha ar an eolas go mb'fhéidir go laghdófaí an bhochtaineacht san Aontas faoina leath faoi 2030

**D'fhéadfadh sé go ngearrfaí an líon daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht faoi 50 % sna deich mbliana amach romhainn: b'in a dúirt Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhfíorbhochtaineacht agus cearta an duine agus torthaí a mhisin á gcur in iúl aige do na hinstitiúidí Eorpacha ag seisiún iomlánach CESE i mí Eanáir.**

Ní mór an laghdú bochtaineachta a bheith ar cheann de phríomhthosaíochtaí phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh atá ar na bacáin maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, arsa Oliver De Schutter, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhfíorbhochtaineacht agus cearta an duine.

Thug an tUas. De Schutter le fios go bhfuil méadú tagtha ar líon na mban agus na dteaghlach aontuismitheora atá thíos leis an mbochtaineacht.

Thug De Schutter foláireamh freisin faoi Chomhaontú Glas an Choimisiúin, ag rá nach féidir é a chur in áit straitéis le haghaidh an bhochtaineacht a laghdú, d'ainneoin na gné sóisialta láidre atá ann. Chuir sé i dtreis freisin nach bhfuil sé de chuspóir ag an gComhaontú Glas an bhochtaineacht a laghdú.

Mhínigh sé gur sainaithníodh **trí shrian struchtúrtha sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta san Aontas**:

- An **dumpáil fhioscach** ar fud thíortha an Aontais: le 20 bliain anuas, d'aistrigh an t-ualach cánach ó na corparáidí agus ó na daoine is saibhre de réir a chéile go dtí na hoibrithe, na tomhaltóirí agus na teaghlaigh ar bheagán ioncaim.
- **Dálaí sóisialta agus costais saothair**: beartais a bhfuil sé mar aidhm acu an t-iomaíochas costais a fheabhsú trí laghdú a dhéanamh ar thuarastail agus ar ranníocaíochtaí sóisialta a íocann fostaithe.
- An **creat maicreacnamaíoch** laistigh den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta: ní mór an creat maicreacnamaíoch a athbhreithniú mar ábhar práinne, go háirithe an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), ionas nach gcuirfear san áireamh sna beartais maidir le smacht fioscach an infheistíocht shóisialta sa tsláinte agus san oideachas.

Dúirt an tUas. De Schutter go mba cheart trí chuspóir uaillmhianacha a bheith curtha san áireamh i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta:

- Straitéis le haghaidh an bhochtaineacht a laghdú faoi 2030 lena leagtar sprioc uaillmhianach síos chun an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta a laghdú faoi 50 %.
- Ráthaíocht i dtaobh leanaí ina gclúdaítear na cúig réimse riachtanacha a leanas: rochtain ar oideachas, cúram na luathóige, cothú, tithíocht agus cúram sláinte. Bheadh i gceist leis sin tacú le teaghlaigh trí ioncam cóir, trí obair agus trí rochtain ar shochair a sholáthar.
- Ionstraim nua a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le scéimeanna ioncaim íosta lena gcinnteofar gur leordhóthanach iad scéimeanna den sórt sin ar fud an Aontais agus go bhfuil modheolaíocht choiteann á leanúint ag na Ballstáit.

Dúirt **Christa Schweng**, Uachtarán CESE, go raibh duine as gach cúigear san Aontas, fiú roimh COVID-19, i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta agus gur cliseadh i sochaithe forbartha na hEorpa é sin. "Is é ceann de na bealaí is fearr chun daoine a tharrtháil ón mbochtaineacht ná cur leis an athléimneacht shochaíoch agus aonair," arsa an tUachtarán.

Anuas ar mhaoiniú, chuir sí i bhfios go bhfuil gá cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh, lena mbraithfear ar dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht mar ghníomhaithe don athrú agus ní hamháin mar shealbhóirí ceart. Maidir leis an tiomantas gan duine ar bith a fhágáil ar gcúl, chuir sí in iúl go bhfuil sé i gceist leis sin daoine a chumachtú, nó a athchumhachtú, chun ról dearfach a bheith acu sa tsochaí. (at/mp)



## An Comhaontú Nua maidir le hImirce: “Tá an donas dearg ar na mionsonraí”

**An 27 Eanáir, thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) díospóireacht leis an gCoimisinéir Johansson ag seisiún iomlánach an Choiste díreach sular glacadh leis an tuairim maidir le *Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*. Sa tuairim sin, chuir an Coiste in iúl go raibh amhras air an gcabhródh an Comhaontú le creat comhchoiteann Eorpach maidir le bainistiú imirce a fhorbairt, creat ar cheart é a bheith éifeachtach agus i gcomhréir le luachanna agus cuspóirí an Aontais.**

Bhí an méid seo le rá ag **José Antonio Moreno Díaz**, rapóirtéir na tuairime: “Bhíomar ag súil go mór leis an gcomhaontú seo ach caithfidh mé a rá go bhfuil beagán díomá orainn. Tá anailís an Choimisiúin go maith, agus aontaímid leis na conclúidí, ach tá frustrachas orainn maidir leis na mionsonraí, i gcás na dtograí.”

Bhí aifeála ar an gcomhrapóirtéir, **Cristian Pîrvulescu**, faoin easpa dul chun cinn maidir le roinnt de na saincheisteanna ar déileáladh leo sa chomhaontú. “Is oth linn a rá gur beag dul chun cinn atá déanta, agus gur céimeanna siar atá glactha. Táimid ag moladh don Choimisiún cur chuige níos misniúla a ghlacadh maidir leis na fadhbanna seo.”

Ba é príomhghearán a bhí ag CESE ná gur dhírigh an comhaontú go príomha ar fhilleadh daoine agus ar bhainistiú teorainneacha, chun aimhleasa dóibh siúd atá ag plé le saincheisteanna eile, amhail bealaí rialta inimirce, bealaí sábháilte le haghaidh tearmainn agus lánpháirtiú imirceach. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt de na réitigh atá beartaithe indéanta sa chleachtas.

Dúirt an Coimisinéir Eorpach, **Ylva Johansson**, nár aontaigh sí ar chor ar bith leis an gcáineadh go raibh easpa uaillmhéine ag an gCoimisiún. “Tá an saol mar atá sé inniu an-difriúil ó 2015, nuair a bhí rabharta ollmhór dídeanaithe agus athshocrú daoine ina shaincheist mhór”, a dúirt sí, á mhíniú nach raibh formhór mór na nuatheachtaithe neamhrialta faoi láthair ina dteifigh. Dá bhrí sin, bhí sé tábhachtach cinntí gasta a dhéanamh agus daoine á gcur ar ais, ach bhí an gá le próiseas cothrom a dheimhniú do gach iarrthóir tearmainn tábhachtach freisin.

“Cuirtear fáilte roimh na daoine atá i dteideal fanacht agus ba mhaith linn go mbeadh siad páirteach inár sochaí,” a dúirt an Coimisinéir Johansson.

Le linn na díospóireachta, chuir CESE in iúl gur cúis mhór imní dó anchaoi na n-imirceach ag teorainn an Aontais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. (na)



## [Tá rochtain ar cheartas comhshaoil ríthábhachtach chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme]

**D’eisigh CESE tuarascáil le déanaí ina léirítear gur díol sásaimh dó an togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán Aarhus d’fhonn feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha ar athbhreithniú riaracháin agus breithiúnach i ndáil le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol. Mar sin féin, cuirtear i bhfáth inti freisin nach leor an rialachán athbhreithnithe.**

D’ainneoin gur páirtí é i gCoinbhinsiún Aarhus ó bhí 2005 ann, níl na forálacha maidir le rochtain ar cheartas á gcomhlíonadh go hiomlán ag an Aontas Eorpach go fóill.

I dtuarascáil a glacadh i mí Eanáir, léirigh CESE gur díol sásaimh dó na leasuithe atá molta, ar an iomlán, agus go bhfuil sé den tuairim gur céim chun tosaigh é an rialachán leasaithe atá á mholadh ag an gCoimisiún agus gur uirlis ríthábhachtach é chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.

Chuir an rapóirtéir **Arnaud Schwartz** in iúl, áfach, go bhfuil roinnt lúb ar lár sa rialachán nua a d’fhéadfadh na hinstitiúidí Eorpacha a úsáid ionas nach mbeifí in ann iad a thabhairt chun cuntais.

Mar shampla, ní thacaíonn CESE leis an moladh ón gCoimisiún gníomhartha an Aontais, a bhfuil “bearta náisiúnta cur chun feidhme” i gceist leo, a chur as an áireamh toisc gach seans a bheith ann go ndéanfar an rialachán ón gCoimisiún a chur ó bhail nó a mhaolú, dá thairbhe sin.

Anuas air sin, is cúis imní do CESE an t-athchóiriú ar an “sásra um athbhreithniú inmheánach” óir, faoi bhunrialachán Aarhus, chuir an sásra ar chumas eagraíochtaí neamhrialtasacha i réimse an chomhshaoil agóid a dhéanamh i gcoinne ghníomhartha agus neamhghníomhartha riaracháin an Aontais Eorpaigh. Más amhlaidh nach ceadmhach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta athbhreithniú a dhéanamh go dtí go nglacfaí leis na bearta cur chun feidhme, ní fhéadfaí cuid mhaith gníomhartha agus neamhghníomhartha AE, nó a bhformhór, b'fhéidir, a chur faoi réir athbhreithniú inmheánach.

Iarrann CESE ar an gCoimisiún rochtain ar cheartas a éascú d’eagraíochtaí uile na sochaí sibhialta chomh maith.

“*Tá na comhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach do shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, agus ba cheart aitheantas ar leith a thabhairt dóibh maidir le rochtain ar cheartas*,” a dúirt **Isabel Caño Aguilar**, comhrapóirtéir ó CESE, agus béim á leagan aici air sin. “*Go bunúsach, chun rochtain ar athbhreithniú breithiúnach a éascú, níor cheart ualaí sa bhreis a bheith ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar nós costais bhreise agus bearta maorlathacha*,” a dúirt sí mar fhocal scoir. (mr)




# Spriocanna aeráide an Aontais: ní éireoidh ach le cur chuige iomlánaíoch na dúshláin a iompú ina ndeiseanna

**Athdhearbhaíonn CESE gurb é an rogha ceart astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030. Ina thuairim uaidh, áfach, dar teideal Dlús a chur le hUaillmhian na hEorpa maidir leis an Aeráid**, tá CESE á chur i bhfáth gur gá géarú ar na hiarrachtaí maidir leis na spriocanna idirmheánacha chun dlús a chur leis an bpróiseas nó beidh an baol ann nach mbainfear amach aeráidneodracht faoi 2050.


Is fíor go bhfuil fadhbanna tromchúiseacha eacnamaíocha ann de dheasca COVID-19. Mar sin féin, le hatreorú na hinfheistíochta i dtreo an phlean téarnaimh, cuireadh straitéis nua ar fáil: “caiteachas téarnaimh i dteannta gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide”, agus béim á leagan air ag comhrapóirtéir CESE **Jan Dirx**.

Chuir **Arnold Puech d'Alissac**, rapóirtéir CESE béim ar an méid seo a leanas: “Sa tuairim sin, cuirtear i bhfios freisin an gá atá leis an mbithgheilleagar a neartú agus le breoslaí iontaise a ionadú agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt don reachtaíocht Eorpach a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an aistriú chuig breoslaí in-athnuaite”.

Is tábhachtaí anois ná riamh úsáid a bhaint as gach uirlis is féidir chun an uaillmhian aeráide a mhéadú: an Comhaontú Glas, an Dlí Aeráide, an CAI, an ionstraim théarnaimh “Next Generation EU”, an Comhbheartas Talmhaíochta, an straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc, an straitéis Bhithéagsúlachta, beartais trádála agus comhaontuithe trádála etc. Ba cheart iad ar fad a nascadh ar bhealach comhleanúnach lena n-áiritheofar nach bhfágfar duine ar bith ar leataobh san aistriú.

Is “comhpháirtithe ríthábhachtacha sa chomrac i gcoinne an athraithe aeráide” iad na saoránaigh, rud atá ina réamhriachtanas chun go mbeidh rath ar an mbeartas aeráide san Aontas Eorpach.

Sin an fáth go bhfuil Ardán Eorpach maidir le Geallsealbhóirí an Chomhshocraithe Aeráide á mholadh an athuair ag CESE bunaithe ar phrionsabail na cuimsitheachta, na trédhearcachta agus na rannpháirtíochta agus na húinéireachta fíre i bhfabhar geallsealbhóirí ar son na haeráide ar gach leibhéal. (mr)



## [Tá tús curtha le téarma nua oifige an Choimisiúin Chomhairligh um Athruithe Tionsclaíocha in CESE agus tá a chlár oibre do 2021 glactha aige]

**An 13 Eanáir, thionóil an Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI) i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an cruinniú tionscnaimh dá théarma oifige nua agus ghlac sé a chlár oibre do 2021.**

Rinne cathaoirleach CCMI, **Pietro Francesco De Lotto**, agus an leaschathaoirleach, **Monika Sitárová**, na comhaltaí agus na toscairí seachtracha, a mairfidh a dtéarma oifige ó mhí na Samhna 2020 go dtí mí na Samhna 2025, treoirlínte polaitiúla agus clár oibre CCMI do 2021 a ghlacadh d'aon toil.


Tá an clár oibre bunaithe ar thrí phríomhcholún:

- aistriú glas don tionsclaíocht san Eoraip;
- iarracht chuimsitheach chun earnálacha táirgeachta na hEorpa a dhigitiú;
- iomaíochas domhanda na tionsclaíochta san Eoraip a fheabhsú i gcomhréir le hathbhreithniú 2021 an Choimisiúin Eorpaigh ar an mbeartas tionsclaíochta.

Ina ráiteas tosaigh, leag **Pietro Francesco De Lotto** béim ar an ról uathúil atá ag CCMI in CESE i ngeall ar an lear mór saineolais speisialaithe atá aige ar chúrsaí tionsclaíochta. Phléigh sé an ghéarchéim atá ar siúl faoi láthair agus bhí an méid seo a leanas le rá aige ina taobh:

*"Ní hamháin nach mór don tionsclaíocht san Eoraip teacht slán ón ngéarchéim seo, ní mór di na dálaí is gá a chruthú ar mhaithe le hiomaíochas domhanda níos fearr atá bunaithe ar an aistriú fuinnimh agus ar an aistriú digiteach. Ba cheart do chomhlachtaí, institiúidí agus eagraíochtaí ábhartha an Aontais tacú léi agus an cúram sin á chur i gcrích."*

Tháinig CCMI i gcomharbas ar Choiste Comhairleach an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC), arbh é túsphointe an Aontais Eorpaigh mar a thuigimid anois é. Nuair a chuaigh Conradh CEGC in éag in 2002, comhaontaíodh go gcoinneodh CCMI beo an oidhreacht a d'fhág an Coiste ina dhiaidh agus go leanfadh sé d'obair an Choiste sin a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus caidreamh tionsclaíoch. (ks)



## Anois an t-am do rialachas eacnamaíoch atá níos dírithe ar rathúnas

**Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na moltaí ón gCoimisiún maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Tacaíonn an Coiste go mór le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, NextGenerationEU, agus tá sé á iarraidh aige na comhaontuithe is gá a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir.**

Faraor, ní éireoidh leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 mura ndéanfar an geilleagar agus an tsochaí a atógáil. Chuige sin, is den ríthábhacht é muinín a atógáil chun an t-éileamh a chobhsú. Is féidir sin a bhaint amach trí:

- Aistriú i dtreo rialachas eacnamaíoch atá níos dírithe ar rathúnas agus atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht. Iarrann CESE go dtosófar arís, a luaithe is féidir, ar **phróiseas athbhreithnithe** de chuid an Choimisiúin ar an rialachas eacnamaíoch.
- An infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a mhéadú agus **'riail óir'** le haghaidh na hinfheistíochta poiblí a chur san áireamh d'fhonn an táirgiúlacht, an bunús sóisialta agus an bunús timpeallachta a choimirciú le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Mhínigh an rapóirtéir **Judith Vorbach** gurb é atá i gceist leis sin "an ghlan-infheistíocht a bhaint de phróiseas ríomha na dtáscairí easnaimh".
- **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta** a chur chun feidhme: tá togra le haghaidh treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san áireamh sna tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm acu Eoraip níos sóisialta a chothú.
- **Athchóiriú a dhéanamh ar bheartais chánach** d'fhonn an t-ualach cánach a aistriú ón lucht saothair agus d'fhonn boinn chánach a chur i bhfeidhm nach mbeidh chomh díobhálach don soláthar saothair agus an tionchar gaolmhar ar dháileadh á chur san áireamh. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar dul chun cinn suntasach maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach, mar a leagtar amach sa phlean téarnaimh. (na)



# Straitéis cheart de dhíth ar an Aontas Eorpach maidir le comhtháthú na hearnála fuinnimh

**Tá CESE ag tacú leis an nglao ón gCoimisiún Eorpach an earnáil fuinnimh a chomhtháthú. Ba chóir do na córais leictreachais, iompair agus teasa a bheith fite fuaite le chéile sa todhchaí, agus é mar sprioc an éifeachtúlacht a fheabhsú agus geilleagar atá aeráidneodrach a bhaint amach.**

I dtuairim a d'ullmhaigh **Lutz Ribbe** agus a glacadh ag an seisiún iomlánach i mí Eanáir, thug CESE le fios go bhféadfadh straitéis mar sin rannchuidiú leis an soláthar fuinnimh a áirithiú, allmhairí fuinnimh a laghdú agus praghsanna réasúnta a chur ar fáil do thomhaltóirí na hEorpa.

Dar leis an gCoiste, áfach, ní mhíníonn an Coimisiún Eorpach na bealaí inar féidir leis an Aontas Eorpach slándáil an tsoláthair a áirithiú trí fhoinsí fuinnimh ísealcharbóin nó saor ó charbón a úsáid.

“Ní bheidh rath ar an aistriú fuinnimh ach amháin má théitear i ngleic leis na fadhbanna uile,” a dúirt **an tUasal Ribbe** ar imeall an tseisiúin iomlánaigh.

“Tá sé ráite ag an gCoimisiún go gcaithfear 84% den éileamh leictreachais a shásamh le foinsí inathnuaite, ach theip air eolas mionsonraithe a thabhairt faoi na foinsí as a dtiocfaidh an chuid eile den leictreachas. Is léir nach bhfuil sé sin inghlactha. Tá cinnteacht an tsoláthair thar a bheith tábhachtach do gheilleagar agus do thomhaltóirí na hEorpa, go háirithe toisc go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh leictriú an tsoláthair téimh agus na hearnála iompair leis an éileamh leictreachais, in ainneoin an dul chun cinn maidir le héifeachtúlacht.”

Aontaíonn an Coiste leis an gCoimisiún gur fadhb mhór do chomhtháthú na hearnála fuinnimh í an easpa nó neamhdhóthanacht praghsála ó thaobh astaíochtaí $CO_2$ sna hearnálacha téimh agus iompair.

Anuas air sin, is minic a bhíonn an lámh in uachtar ag breoslaí iontaise ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh. I roinnt mhaith Ballstát, cruthaítear saobhadh margaidh de thoradh cánachas trom ar leictreachas agus muirir iomarcacha ghréasáin. Sna cásanna sin, níl úsáid an bharrachais leictreachais chun teas a tháirgeadh – mar atá, an fhoirm is simplí de chomhtháthú na hearnála – inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

Dá bhrí sin, áitíonn an Coiste ar an gCoimisiún tograí nithiúla a mholadh chun teacht ar réitigh, seachas díreach cur síos a dhéanamh ar an bhfadhb agus a bheith beagán drogallach agus doiléir. (mp)




## Is féidir le hidrigin a bheith ina mórspreagadh chun samhail nua a chruthú don tsochaí tar éis COVID-19

**Ní mór don Aontas géarchéim COVID-19 a shárú trí shamhail nua a chruthú don tsochaí bunaithe ar gheilleagair atá níos glaise, níos cothroime agus níos athléimní. Ós fuinneamh glan í, is féidir le hidrigin a bheith ina mórspreagadh don chlaochlú. Is é sin an príomhsmaoineamh a chuirtear chun tosaigh sa tuairim ó Pierre Jean Coulon a glacadh ag seisiún iomlánach CESE i mí Eanáir.**

Sa tuairim sin, thug CESE a thacaíocht do Straitéis Hidrigine an Aontais a chuir an Coimisiún Eorpach chun cinn agus measann sé gur céim chun cinn atá inti chun timpeallacht fabhrach a chruthú d’fhonn soláthar agus éileamh hidrigine a mhéadú agus geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach.

“Ní mór hidrigin ghlan a bheith ina tosaíocht shoiléir de bhrí gurb í an t-aon rogha atá comhoiriúnach don aeráidneodracht,” a dúirt Pierre Jean Coulon le linn na díospóireachta iomlánaí. “A bhuí leis an gciste téarnaimh Eorpach, ní mór gnólachtaí, nuálaithe, oibrithe agus infheisteoirí a chumasú chun gur féidir leo a ról mar cheannairí domhanda a dhearbhú sna margaí fuinnimh ghlain atá ag fás.”

Go háirithe, tacaíonn CESE le bunú na Comhghuaillíochta Eorpaí don Hidrigin Ghlan, a mbeidh sé de chúram uirthi infheistíochtaí sa táirgeacht a phleanáil agus an t-éileamh don hidrigin ghlan san Aontas a eagrú.

Is iad ceannairí tionscail, gníomhaithe na sochaí sibhialta, airí náisiúnta, airí réigiúnacha agus an Banc Eorpach Infheistíochta a bheidh rannpháirteach sa chomhlacht sin. Ó tharla go mbeidh ról lárnach aige maidir le dlús a chur le claochlú thionscail na hEorpa, is den riachtanas é go mbeidh CESE rannpháirteach ann freisin ina cháil mar ionadaí na sochaí sibhialta eagraithe. (mp)

# NEWS FROM THE GROUPS



# Comhaontú Brexit: Beidh tréimhse ar leith de dhíth ar an earnáil gnó chun dul i dtaithí ar na rialacha nua

**Ráiteas ó Stefano Mallia, Uachtarán Ghrúpa na bhFostóirí in CESE**

**Tá fáilte curtha ag fostóirí an Aontais Eorpaigh roimh chomhaontú Brexit agus tréaslaíonn siad go mór le foireann chaibidlíochta an Choimisiúin Eorpaigh, faoi stiúir Michel Barnier, a threoraigh na cainteanna go paiteanta. Agus gnólachtaí ar a ndícheall ag iarraidh ciall a bhaint as an gconradh trádála 1,200 leathanach, tá tréimhse ar leith iarrtha acu chun cuidiú leo ar a gcuar géar foghlama.**

Tá fostóirí na hEorpa sásta go bhfuil Brexit ordúil bainte amach agus go bhfuil sláine an mhargaidh aonair sábháilte. Mar sin féin, fiú mura dtoibhítear aon taraifí nó mura bhforchuirtear cuótaí sriantacha ar earraí a thrádáiltear, beidh rómhaorlathas i gceist. Beidh sraith iomlán seiceálacha custaim agus rialála nua i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh agus ceanglais dhiana maidir le hábhar áitiúil, d’fhéadfaí moill a chur ar na próisis, agus is de réir a chéile a rachaidh slabhraí soláthair i dtaithí ar na rialacha nua.

Seo an fáth a bhfuil **tréimhse de dhíth ar ghnólachtaí** le dul i dtaithí ar na hathruithe sin. Chun tacú le gach gnólacht, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí chur chun feidhme an chomhaontaithe, ní mór córas tromshaothair ar nós **SOLVIT le haghaidh BREXIT** a bhunú.

Ag an am céanna, is léir go gcaithfimid dul ar ais chuig an mbord caibidlíochta chun earnáil na seirbhísí a chur san áireamh sa mhargadh, go gcaithfimid sreabhadh réidh sonraí a chinntiú idir AE agus an Ríocht Aontaithe agus go gcaithfimid aitheantas frithpháirteach cailíochtaí a chinntiú ar an dá thaobh.

Má theastaíonn uainn go gcothófar an dlúthchaidreamh atá ann idir an Eoraip agus an Ríocht Aontaithe, ní mór dúinn leanúint den chaidreamh sin a chothú. Ní gnáth-thríú tír a bheidh sa Ríocht Aontaithe go deo. Ní mór don chomhaontú a bheith ina ardán daingean don chomhar amach anseo i roinnt réimsí a bhfuil tionchar mór acu ar an timpeallacht iomaíoch, lena n-áirítear réimsí amhail an t-athrú aeráide, an claochlú digiteach, taighde agus nuálaíocht agus caighdeáin. Ach níl sa chomhaontú seo ach deireadh ré amháin agus tús ré eile.

Ní mór don tsochaí shibhialta agus d’fhostóirí, go háirithe, troid chun na bealaí trádála a choinneáil ar oscailt agus chun struchtúr fónta a thógáil a ligfidh dó sin tarlú. (dv/kr)




# Gan téarnamh sóisialta ní bheidh aon téarnamh ann

**Le Grúpa na nOibrithe in CESE**

**I seimineár gréasáin arna reáchtáil ag Grúpa na nOibrithe in CESE i mí Eanáir cuireadh i bhfáth gur ghá conradh sóisialta nua a thabhairt i gcrích ag Cruinniú Mullaigh Porto a bheidh ann amach anseo.**

Táimid ag maireachtáil tríd an ngéarchéim sláinte agus eacnamaíoch is measa i stair an Aontais Eorpaigh. Os a choinne sin, cé gur chuir an phaindéim leis an mbochtaineacht, leis an dífhostaíocht agus leis an neamhionannas, ní haon rud nua atá sna saincheisteanna sin.

D’fhonn na saincheisteanna sin a phlé bhí seimineár gréasáin ag Grúpa na nOibrithe in CESE, déanach i mí Eanáir le **Nicolas Schmit**, an Coimisinéir Eorpach um Poist agus um Chearta Sóisialta, **Ana Mendes Godinho**, an Aire Fostaíochta, Dlúthpháirtíochta agus Slándála Sóisialta sa Phortaingéil, (arna hionadú ar chúiseanna sláinte ag **Miguel Cabrita**, an Aire Stáit Saothair agus Gairmoiliúna, **Iratxe García Pérez**, Uachtarán ar ghrúpa S&D i bParlaimint na hEorpa, agus **Oliver Röpke,** Cathaoirleach Ghrúpa na nOibrithe in CESE.

Thug na cainteoirí le fios go raibh na huirlisí chun cuidiú le daoine ann agus gur gá a áirithiú go dtarlódh amhlaidh. Beartais éifeachtacha, seachas spriocanna, a bhí ag teastáil chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur i bhfeidhm ar bhealach inbhraite do shaoránaigh. Níor mhór bearta agus tionscnaimh reachtacha ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a áireamh sa Phlean Gníomhaíochta, chomh maith le buiséad leordhóthanach.

Áitíodh nár mhór fíorathrú cúrsa a theacht as cruinniú mullaigh Porto, i bhfianaise nach mbeadh aon téarnamh ann gan téarnamh sóisialta agus nach mbeadh aon inbhuanaitheacht ann d’uireasa inbhuanaitheacht shóisialta. D’fhéadfaí an méid sin a bhaint amach ach an tsochaí shibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta a rannpháirtiú sa phróiseas, fóram ceart a bhunú do thuairimí agus rannpháirtíocht oibrithe agus cur le cómhargáil agus comhaontuithe comhchoiteanna.

I gClár Oibre Porto 2030 a thiocfaidh as an gcruinniú mullaigh, ní mór níos mó ná COVID a bheith ar áireamh, ní mór dul i ngleic ann le saincheisteanna struchtúracha a bhaineann leis an domhandú, athdháileadh maoine, cosaint an mhargaidh saothair, infheistíocht shóisialta sa Chomhaontú Glas Nua, an Seimeastar Eorpach agus deireadh a chur le beartais déine, as measc neart ábhar eile. Ba cheart tús a chur le conradh sóisialta nua, rud lena seachnófar an cathú dul ar ais go dtí cás ‘gnó mar is gnách’ agus ina gcuirfear in iúl an cineál todhchaí ar mhian linn a thógáil. Chuir na cainteoirí i bhfios go láidir nár mhór dúinn a áirithiú, go mbeadh na rialacha atá ann faoi láthair á gcur i bhfeidhm agus go mbeadh na rialacha ba ghá curtha ar bun, sa phróiseas chun daoine agus Ballstáit a thabhairt le chéile, go mbeadh dlúthpháirtíocht, comhionannas agus inbhuanaitheacht ann, má táthar chun infheistíocht shóisialta láidir a dhéanamh inár dtodhchaí. (prp)




## Comhdháil de chuid an Ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” chun aghaidh a thabhairt ar thionchar COVID-19 ar an tsochaí shibhialta eagraithe

**Leis an nGrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE**

**An 12 Márta, reáchtálfaidh an Grúpa “Éagsúlacht Eoraip” comhdháil hibrideach ar *Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta le linn agus i ndiaidh phaindéim COVID-19: na dúshláin agus an todhchaí*. Seolfar an staidéar ó CESE, *Freagairt eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar phaindéim COVID-19 agus ar na bearta sriantacha a glacadh dá bharr san Eoraip*, chomh maith le díospóireachtaí tráthúla le cainteoirí ardleibhéil agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta.**

Sa staidéar a choimisiúnaigh an CESE arna iarraidh sin ag an nGrúpa “Éagsúlacht Eoraip”, tarraingíodh aird ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cabhrú le pobail áitiúla agus le grúpaí leochaileacha dul i ngleic leis an bpaindéim. Cuirtear sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhaineann lena ngníomhaíochtaí i láthair trí chás-staidéir.

Úsáideann na húdair modh measctha ina gcomhcheanglaítear taighde deascbhunaithe agus grinnsuirbhé ar líne. Leagtar béim sa staidéar ar na príomhábhair a bhaineann le todhchaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail easpa sruthanna seasmhacha maoiniúcháin, creataí dlíthiúla agus acmhainní leordhóthanacha agus tacair scileanna leordhóthanacha, a mbeidh gá le machnamh a dhéanamh orthu amach anseo agus le cinntí misniúla polaitiúla chun a chinntiú go ndéanfar cumais na n-eagraíochtaí seo a chaomhnú agus a neartú sa chéim téarnaimh i ndiaidh COVID-19. Le linn na comhdhála, cuirfidh údair an staidéir a bpríomhthorthaí agus a bpríomh-mholtaí i láthair.

Ina dhiaidh sin, beidh plé ann le cainteoirí ardleibhéil agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, a dhíreoidh ar thionchar na paindéime ar dhreamanna leochaileacha, ar an gcaoi ar chabhraigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta leis na grúpaí leochaileacha sin, le tionscnaimh a rinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach ar dhéileáil siad leis an ngéarchéim agus ar na bealaí ina gcuirfidh siad leis an atógáil agus le pobail inbhuanaithe sa tréimhse i ndiaidh COVID-19.

Tá tuilleadh eolais faoin imeacht ar fáil ag: https://europa.eu/!PG36rF (jk)

---

# SOON IN THE EESC/CULTURAL EVENTS




## Laethanta na Sochaí Sibhialta 2021: Téarnamh Inbhuanaithe do Thodhchaí Shaoránaigh na hEorpa

**Cén chuma ba cheart a bheith ar théarnamh inbhuanaithe ó ghéarchéim COVID-19 san Eoraip? Cad iad na príomhláidreachtaí ar cheart don Aontas Eorpach tarraingt orthu chun todhchaí dhearfach a chinntiú dá shaoránaigh? Is iad sin na ceisteanna a bheidh i gcroílár Laethanta na Sochaí Sibhialta 2021 de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), a bheidh ar siúl ar líne ón 1 go dtí an 5 Márta.**

Le linn na paindéime, bhí ról nach beag ag an tsochaí shibhialta eagraithe, ag tabhairt aghaidh ar an iliomad dúshlán a bhaineann le COVID-19, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt d'údaráis phoiblí a bhí ag streachailt le deacrachtaí ollmhóra.

Ciallaíonn an taithí phraiticiúil sin go bhféadfadh an tsochaí shibhialta tuiscintí tábhachtacha a roinnt maidir leis an bplean téarnaimh, chomh maith le hionchur tráthúil a chur leis an **gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**, a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine tar éis don tsáinn a bheith sáraithe maidir le ceannaireacht na comhdhála.

Beidh díospóireachtaí suimiúla le cainteoirí spreagúla ar fáil ag Laethanta na Sochaí Sibhialta 2021. Díreofar ar na saincheisteanna seo a leanas:

- daonlathas inbhuanaithe il-leibhéil san Eoraip
- an geilleagair sóisialta agus an fhiontraíocht i measc an aosa óig chun téarnamh inbhuanaithe a bhaint amach
- ról an oideachais agus an chultúir chun téarnamh inbhuanaithe san Eoraip a bhaint amach
- todhchaí na hoibre i ngeilleagar na dea-bhaile
- gníomhaíochas i measc an aosa óig, athrú córasach agus téarnamh san Eoraip
- comhaontú glas sóisialta chun téarnamh inbhuanaithe a bhaint amach
- an ról lárnach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa rabharta athchóirithe
- an ról agus an luach eacnamaíoch atá ag oibrithe deonacha maidir leis an téarnamh a bhaint amach agus ina dhiaidh sin.

Is féidir le duine ar bith a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa chomhdháil tuilleadh eolais a fháil agus clárú ina chomhair anseo. (dm)




## Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chun díospóireacht a reáchtáil ar na meáin shóisialta maidir le ról an athraithe chórasaigh sa ghníomhú ar son na haeráide

**An 20 Márta, déanfaidh CESE imeacht a reáchtáil ar na meáin shóisialta ina dtabharfar saineolaithe, gníomhaithe agus brústocairí óga ó gach cearn den Eoraip le chéile chun ról an athraithe chórasaigh sa ghníomhú ar son na haeráide a phlé.**

An 18-19 Márta, tabharfaidh tionscnamh CESE Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS) 2021 le chéile níos mó ná 100 mac léinn as 33 thír le haghaidh díospóireacht ar líne maidir leis an athrú aeráide, agus beidh an t-imeacht ar mhúnla COP (Comhdháil na bPáirtithe) na Náisiún Aontaithe. Cuirfidh **Frans Timmermans**, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, tús leis an díospóireacht agus druidfidh **Ska Keller**, comh-chathaoirleach an Pháirtí Ghlais i bParlaimint na hEorpa, í.

Ag an am céanna, de réir chleachtas na Náisiún Aontaithe ó thaobh COPanna de, tionólfaidh CESE **ócáid phoiblí bhreise** do dhaoine óga maidin Dé Sathairn, an 20 Márta 2021, dar teideal **Dearadh an Athraithe Chórasaigh**, ócáid a chraolfar beo ar na meáin shóisialta.

Díreoidh painéil éagsúla ar mhíniú a thabhairt ar an rud is athrú córasach ann agus conas é a chur i bhfeidhm, agus tabharfaidh siad samplaí inláimhsithe pearsanta de ghníomhaíochtaí inbhuanaithe a d'fhéadfadh an t-athrú seo a spreagadh. Tabharfaidh sé seo léargais nua luachmhara dár lucht féachana óg agus, rud is tábhachtaí fós, tabharfaidh sé deis dóibh a dtuairimí agus a smaointe a chur in iúl.

Chomh maith leis an bplé, beidh deis ag an lucht féachana **dul i dtaithí ar an athrú córasach tríd an ealaín**. A bhuí le himeacht cultúrtha ar líne, a bheidh bainteach leis na díospóireachtaí ar líne, beidh an lucht féachana óg in ann taithí a fháil ar an athrú córasach agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis i gcomhthéacs níos leithne. Chun an t-imeacht a leanúint, tabhair cuairt ar an leathanach Facebook Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS)

---




## Bhí an cultúr faoi chaibidil ar líne le linn an chéad phlé a bhí ag CESE ar an ealaín i mbliana

**Dé Luain, an 25 Eanáir, thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a chéad phlé ar líne ar an ealaín mar chuid de sheoladh fíorúil an taispeántais ar líne "Hand in Hand" le Maria Reis Rocha.**

Le linn an phlé bheo a bhí ag an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, **Cillian Lohan**, ag comhalta CESE, **Gonçalo Lobo Xavier**, agus ag an ealaíontóir Portaingéalach ar na saothair ealaíne ar taispeáint, tugadh an lucht féachana ar "thuras cultúrtha" a bhuí le léaráidí áille an

ealaíontóra agus spreagadh muid go léir ár machnamh a dhéanamh ar na dúshláin shóisialta atá romhainn.

Ar chaill tú é? Is féidir féachaint air ag an nasc seo a leanas: Seimineár gréasáin cultúir CESE - Plé le Maria Reis Rocha - YouTube

Cuireadh an taispeántas fíorúil "Hand in Hand" ar bun faoi scáth Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus bhí sé ar taispeáint ar líne go dtí an 15 Feabhra 2021.

Is féidir cuairt a thabhairt ar an ngailearaí ar líne agus tuilleadh eolais a fháil faoi shaothair eile de chuid an ealaíontóra ag an nasc seo a leanas: https://www.eesc.europa.eu/ga/agenda/our-events/events/hand-hand/gallery (ck)


# Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

# Contributors to this issue

Amalia Tsoumani (at)
Chloé Lahousse (cl)
Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
David Gippini Fournier (dgf)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katharina Radler (kr)
Laura Lui (ll)
Magdalena Walczak Jarosz (mwj)
Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Nicola Accardo (na)
Pablo Ribera Paya (prp)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)



# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76

Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

02/2021